

Clár

1.	Cad í an Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora?	3
2.	Conas a cháilítear?	3
3.	Cé atá ina leanbh ábhartha?	5
4.	Cé mhéid is féidir a fháil?	6
5.	Cad a áirítear mar acmhainn?	6
6.	Cad nach n-áirítear mar acmhainn?	7
7.	Conas a mheasúnaítear an tuilleamh ón bhfostaíocht nó ón bhféinfhostaíocht?	8
8.	Conas a mheasúnaítear íocaíochtaí cothabhála?	9
9.	Conas a mheasúnaítear coigilteas agus infheistíochtaí?	10
10.	Conas a fhaightear an íocaíocht?	11
11.	An féidir sochair bhreise a fháil?	11
12.	An féidir íocaíochtaí leasa shóisialaigh eile a fháil?	12
13.	An féidir glacadh le hobair nó le hoiliúint agus an Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora a fháil fós?	13
14.	Cad í an tSeirbhís Bhuiséid don Líon Tí?	14
15.	Cathain agus conas a dhéantar iarratas?	15
16.	Cé atá ina ‘ghaol faoi dhliteanas’?	16
17.	Cén áit ar féidir a thuilleadh eolais a fháil?	16

Lúnasa 2015

Ó am go chéile athraíonn na coinníollacha cáilithe le haghaidh na scéimeanna seo againne. Déan seiceáil i gcónaí leis an Lárionad Intreo áitiúil, leis an Oifig Leasa Shóisialaigh áitiúil nó lenár Seirbhísí Eolais le fáil amach an bhfuil athrú ar na coinníollacha (féach Ich 16 chun sonraí teagmhála a fháil).

Tá an t-eolas sa leabhrán seo i gceart agus é ag dul i gcló. Is mar threoir amháin atá an leabhrán seo, agus ní léirmhíniú dleathach atá ann.

1. Cad í an Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora?

Íocaíocht is ea an Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora a íoctar le fir agus mná atá ag tógáil linbh gan tacaíocht ó pháirtneír.

Féadfaidh tú iarratas a dhéanamh ar an íocaíocht seo :

- má tá tú neamhphósta, i mbaintreachas nó i do pháirtneír sibhialta marthanach, i do chéile príosúnaigh nó i do pháirtneír sibhialta príosúnaigh, idirscartha nó colscartha, nó
- má rinneadh do phósadh a neamhniú nó do pháirtneireacht shibhialta a dhíscaoileadh agus más amhlaidh nach gcónaíonn tú le do chéile nó do pháirtneír sibhialta a thuilleadh, nó
- mura gcónaíonn tú le do pháirtneír comhchónaitheora a thuilleadh.

2. Conas a cháilítear?

Cáilíonn tú don íocaíocht má tá tú faoi bhun 66 bliana d'aois agus má tá leanbh ábhartha amháin ar a laghad agat (féach leathanach 5) agus:

- más **'tuismitheoir cáilithe'** thú.

Ciallaíonn tuismitheoir cáilithe:

- baintreach, baintreach fir nó páirtneír sibhialta marthanach, nó
- céile idirscartha, nó
- páirtneír sibhialta nach gcónaíonn leis an bpáirtneír sibhialta eile den pháirtneireacht shibhialta, nó
- duine neamhphósta, nó

- duine nach páirtí i bpáirtnéireacht sibhialta é nó í,
- duine nach bhfuil i gcaidreamh comhchónaitheora,
- duine a bhfuil a c(h)éile nó a p(h)áirtnéir sibhialta i bpríosún nó in ionad coinneála le tréimhse nach lú ná 6 mhí anuas.

agus ar:

- tuismitheoir,
- leastuismitheoir,
- tuismitheoir uchtála, nó
- caomhnóir dlíthiúil ar leanbh ábhartha amháin ar a laghad, a chónaíonn leis an duine sin de ghnáth, é nó í, a shásaíonn
- tástáil acmhainne, agus
- an Coinníoll Gnáthchónaithe.

Chun a thuilleadh eolais ar an gCoinníoll Gnáthchónaithe a fháil, logáil isteach ar **www.welfare.ie**.

Má tá tú **idirscartha nó colscartha nó má tá do pháirtnéireacht sibhialta díscailte**, ní mór:

- duit a bheith idirscartha ó do chéile nó do pháirtnéir sibhialta le 3 mhí anuas ar a laghad, agus
- iarracht a bheith déanta agat ar chothabháil a fháil ó do chéile nó do pháirtnéir sibhialta.

Mura bhfuil tú pósta, nó mura páirtí i bpáirtnéireacht sibhialta thú, ní mór:

- duit a bheith i do thuismitheoir cáilithe ar leanbh ábhartha amháin ar a laghad, agus
- iarracht a bheith déanta agat ar chothabháil a fháil ó thuismitheoir eile an linbh.

Má tá **do chéile nó do pháirtnéir sibhialta i bpríosún**:

- ní mór pianbhreith phríosúnachta ar 6 mhí ar a laghad í a bheith curtha air/uirthi, nó
- ní mór dó/di a bheith faoi choiméad le 6 mhí anuas ar a laghad gan aon phianbhreith a bheith curtha air/uirthi.

3. Cé atá ina leanbh ábhartha?

Is leanbh ábhartha é leanbh:

- atá faoi bhun 7 mbliana d'aois,
- a bhfuil gnáthchónaí air nó uirthi sa Stát, agus
- a ndéanann tusa an príomhchúram de nó dí.

Má tá leanbh ábhartha agus leanaí cáilithe eile os cionn 7 mbliana d'aois agat, íocfar méadú leat dóibh freisin. Má tá leanbh ábhartha agat, íocfar méadú i leith leanaí faoi bhun 18 mbliana d'aois agus idir 18-22 de bhlianta d'aois má tá siad in oideachas lánaimseartha.

Déantar cur síos anseo thíos ar na hathruithe a rinneadh le déanaí ar na critéir intofachta i dtaca le scéim na hÍocaíochta Teaghlaigh Aontuismitheora.

Aois an linbh is óige a shíneadh i ndálaí áirithe:

- Tá forálacha ar leith curtha ar bun i gcomhair na gcustaiméirí a bhfuil an Liúntas Cúraim Bhaile á fháil acu. Sna cásanna seo, leanfar den Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora a íoc go dtí go sroichfidh an leanbh is óige 16 bliana d'aois nó go dtí go stadfaidh an Liúntas Cúraim Bhaile, cibé ceann is luaithe.
- Éinne ar cailleadh duine leis/léi le déanaí (daoine pósta, comhchónaitheoirí agus daoine i bpáirtnéireacht shibhialta) agus ar tuismitheoir aonair é/í dá bhrí sin ach nach gcáilíonn do Phinsean Ranníocach Baintrí, Baintrí Fir nó Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh, is féidir leis/léi íocaíocht teaghlaigh aontuismitheora a éileamh go ceann suas le dhá bhliain ó dháta bhás an chéile, an chomhchónaitheora nó an pháirtnéara shibhialta nó go dtí go sroichfidh an leanbh is óige dá c(h)uid 18 mbliana d'aois, cibé ceann is luaithe.

- Má fhaigheann custaiméir Íocaíochta Teaghlaigh Aontuismitheora íocaíocht an Liúntais Chúramóra ar leathráta, leanfar den Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora a íoc go dtí go sroichfidh an leanbh is óige 16 bliana d’aois más rud é go mbeidh Liúntas Cúramóra á íoc freisin.
- Má fhaigheann custaiméir Íocaíochta Teaghlaigh Aontuismitheora Pinsean na nDall freisin, is féidir leis/léi an Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora agus Pinsean na nDall a choinneáil go dtí go sroichfidh an leanbh is óige dá c(h)uid 16 bliana d’aois.

4. Cé mhéid is féidir a fháil?

Tá d’íocaíocht comhdhéanta de ráta duit féin agus de shuimeanna breise i leith aon linbh/leanaí c(h)áilithe.

Braitheann an méid a íoctar ar d’acmhainn sheachtainiúil.

Más rud é gurb ann do theidlíocht ar an Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora a bhunaítear ar aois an linbh is óige, leanfaidh Méadú um Leanbh Cáilithe i leith leanaí eile sa teaghlach go dtí go sroichfidh na leanaí eile seo 18 mbliana d’aois nó 22 bhliain d’aois má tá siad in oideachas lánaimseartha.

Chun a thuilleadh eolais a fháil, logáil isteach ar

www.welfare.ie.

5. Cad a áirítear mar acmhainn?

Seo a leanas na príomhrudaí a áirítear mar acmhainn:

- ioncam ó gach fostaíocht, agus ioncam ó bheith ag obair mar chúntóir baile nó ó fhéinfhostaíocht san áireamh,
- íocaíochtaí cothabhála, agus cothabháil a íoctar le leanbh cáilithe nó ina leith sin san áireamh,
- luach cibé maoiné atá agat seachas do bhaile cónaithe féin,

- luach cibé infheistíochtaí, coigiltis nó scaireanna atá agat,
- ioncam in airgead tirim,
agus
- airgead ar láimh.

Ní mór duit an fhoirm iarratais a líonadh go hiomlán ionas gur féidir linn d'acmhainn a ríomh. Ní mór duit na sonraí go léir de d'acmhainn a thabhairt. Is cóir duit na cáipéisí riachtanacha go léir, mar ráitis bhainc, sonraí de do thuilleamh uile, cothabháil a fhaigheann tú nó duillíní pá eile, a chur le d'iarratas.

Má chuireann tú foirm iarratais neamhiomlán isteach nó mura gcuireann tú na cáipéisí riachtanacha ar fáil chun tacú le d'iarratas, is féidir go gcuirfear moill ar d'iarratas nó is féidir go ndiúltófar d'iarratas.

Is féidir go seolfar d'iarratas chuig Cigire Leasa Shóisialaigh áitiúil i gcomhair imscrúdaithe agus agallaimh.

6. Cad nach n-áirítear mar acmhainn?

Seo a leanas roinnt rudaí nach n-áirítear mar acmhainn:

- do bhaile cónaithe féin,
- Liúntas Leasa Forlíontach nó Forlíonadh Cíosá nó Forlíonadh Úis Mhorgáiste,
- Forlíonadh Ioncaim Teaghlaigh,
- Sochar Linbh,
- Sochar Breoiteachta,
agus
- do ranníocaíochtaí le Cuntas Pearsanta Coigiltis Scoir.

7. Conas a mheasúnaítear an tuilleamh ón bhfostaíocht nó ón bhféinfhostaíocht?

Ní foláir an meántuilleamh seachtainiúil atá agat gan a bheith os cionn €425.

Má tá tú ag obair, is mar seo a leanas a mheasúnaítear do thuilleamh ón bhfostaíocht nó ón bhféinfhostaíocht:

Tugaimid neamhaird ar an gcéad €90.00 den tuilleamh seachtainiúil ón bhfostaíocht agus/nó ón bhféinfhostaíocht.

Measúnaímid leath fhuílleach an tuillimh os cionn an €90.00 seo mar acmhainn, suas le €425 sa tseachtain.

Sampla

Is tuismitheoir cáilithe thú, le beirt leanaí atá cáilithe agus tuilleamh seachtainiúil €200.00 agat, ach gan aon ioncam eile agat.

Olltuilleamh seachtainiúil	€200.00
Lúide an neamhaird sheachtainiúil	-€ 90.00
Fuílleach an tuillimh	€110.00
Roinnte ar 2 = acmhainn sheachtainiúil	€ 55.00

Sa sampla seo, gheofá Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora **€200.10** go hiomlán (ráta pearsanta **€140.50** agus dhá mhéadú um leanbh cáilithe, **€29.80** an leanbh).

Chun a thuilleadh eolais a fháil, logáil isteach ar www.welfare.ie.

Tabhair faoi deara

Tá duine ag a bhfuil ollioncam is lú ná €425 (ón bhfostaíocht agus/nó ón bhféinfhostaíocht) i dteideal neamhaird de ranníocaíochtaí aoisliúntais, ranníocaíochtaí árachais shóisialaigh, tobhach pinsin agus síntiúis cheardchumainn a fháil chun críocha teidlíocht ar an Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora a shocrú.

8. Conas a mheasúnaítear íocaíochtaí cothabhála?

Is mar acmhainn a mheasúnaítear íocaíochtaí pearsanta cothabhála agus íocaíochtaí cothabhála do leanaí. Is é sin le rá, is mar acmhainn a mheasúnaítear na híocaíochtaí cothabhála go léir.

Má tá costas tithíochta agat, déanfar suas le €95.23 sa tseachtain de d'íocaíocht chothabhála a fhritháireamh in aghaidh do chostais tithíochta agus measúnófar leath an fhuílligh mar acmhainn.

Ní mór duit fianaise a thabhairt ar chostais tithíochta, mar admháil chíosa nó leabhar cíosa ó do thiarna talún nó ráiteas faoi d'aisíocaíochtaí morgáiste.

Sampla:

Is tuismitheoir cáilithe thú le beirt leanaí atá cáilithe.

Faigheann tú cothabháil €80.00 sa tseachtain agus íocann tú cíos €35.00 sa tseachtain.

Cothabháil sheachtainiúil	€80.00
Lúide cíos seachtainiúil	- €35.00
larmhéid na cothabhála	€45.00
Roinnte ar 2 = acmhainn sheachtainiúil	€22.50

Sa sampla seo, gheofá Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora **€232.60** (ar rátaí reatha) sa tseachtain (ráta pearsanta **€173.00** agus dhá mhéadú um leanbh cáilithe, **€29.80** an leanbh).

Chun a thuilleadh eolais a fháil, logáil isteach ar **www.welfare.ie**.

9. Conas a mheasúnaítear coigilteas agus infheistíochtaí?

Chun d'acmhainn a áireamh ó choigilteas agus ó infheistíochtaí, suimítear le chéile na rudaí seo a leanas i dtosach:

- luach airgid infheistíochtaí agus maoinne (seachas do bhaile cónaithe),
- airgead in aon chuntas coigiltis nó in aon chineál eile cuntais, agus
- airgead ar láimh.

Ansin úsáidtear an fhoirmle seo a leanas.

Caipiteal:	Acmhainn sheachtainiúil a mheasúnaítear:
An chéad €20,000	Dada
€20,000 - €30,000	€1 an €1,000
€30,000 - €40,000	€2 an €1,000
Os cionn €40,000	€4 an €1,000

Sampla:

Is tuismitheoir cáilithe thú le triúr leanaí atá cáilithe agus tá coigilteas agus infheistíochtaí dar luach €35,000 agat, ach níl aon ioncam eile agat.

Méid an choigiltis	€35,000
Lúide an chéad €20,000 (neamhaird tugtha)	-€20,000
	€15,000

Measúnaítear an iarmhéid €15,000 mar seo a leanas:

€10,000 a mheasúnaítear ag €1 an €1,000	€10.00
€5,000 a mheasúnaítear ag €2 an €1,000	€10.00
Acmhainn sheachtainiúil	€20.00

Sa sampla seo, gheofá Álcaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora **€264.90** (ar rátaí reatha) sa tseachtain (ráta pearsanta **€175.50** agus trí mhéadú um leanbh cáilithe, **€29.80** an leanbh).

Chun a thuilleadh eolais a fháil, logáil isteach ar www.welfare.ie.

10. Conas a fhaightear an íocaíocht?

Is féidir an Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora a íoc go seachtainiúil:

- trí íocaíocht dhíreach isteach i do chuntas reatha, taisce nó coigiltis in institiúid airgeadais. Ní foláir nó gur cuntas reatha, taisce nó coigiltis é an cuntas seo, **ní ghlacfar** le cuntas morgáiste, **nó**
- i d'oifig áitiúil an phoist trí Chárta Seirbhísí Sóisialacha. Ligeann sé seo duit leas a bhaint as an Scéim Bhuiséid don Líon Tí.

11. An féidir sochair bhreise a fháil?

Má tá tú ag fáil na hÍocaíochta Teaghlaigh Aontuismitheora, is féidir go gcáileoidh tú do:

- Liúntas Breosla.
- Forlíonadh loncaim Teaghlaigh.
- Liúntas Éadaí agus Coisbhirt um Fhilleadh ar Scoil - má shroicheann an leanbh is óige 7 mbliana d'aois roimh thús na bliana scoile, féadfaidh tú an Liúntas seo a éileamh an bhliain sin fós.
- cúnamh faoin Scéim um Liúntas Leasa Forlíontach, amhail Forlíonadh Cíosá nó Forlíonadh Úis Mhorgáiste.
- Deontas Baintreachais nó Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh (Braitheann an teidlíocht ar éileamh a bheith déanta ag iarratasóir i leith linbh/leanaí atá cáilithe).

Chun a thuilleadh eolais a fháil, logáil isteach ar **www.welfare.ie**.

Is féidir freisin go gcáileoidh tú do chárta leighis ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.

Chun a thuilleadh eolais a fháil, logáil isteach ar **www.hse.ie**.

12. An féidir íocaíochtaí leasa shóisialaigh eile a fháil?

Ón 2 Feabhra 2012 is féidir go gcáileoidh tú do **leath** an ráta phearsanta de na híocaíochtaí seo a leanas go ceann tréimhse teoranta chomh maith le d'íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora:

- Sochar Máithreachais,
- Sochar Uchtaíoch,
- Sochar Sláinte agus Sábháilteachta, nó
- Liúntas Cúramóra.

Ón 2 Feabhra 2012 tháinig deireadh leis na híocaíochtaí ar leathráta den Sochar do Lucht Cuardaigh Fostaíochta, den Sochar Breoiteachta nó den Fhorlíonadh Éagumais.

Tugadh foráil nua isteach ón 2 Feabhra 2012: is féidir go gcáileoidh custaiméirí íocaíochta Teaghlaigh Aontuismitheora do pháirtráta den Sochar do Lucht Cuardaigh Fostaíochta, den Sochar Breoiteachta nó den Fhorlíonadh Éagumais i dteannta na híocaíochta Teaghlaigh Aontuismitheora.

Ní ceadmhach an Sochar do Lucht Cuardaigh Fostaíochta, an Sochar Breoiteachta nó an Forlíonadh Éagumais, i gcomhar leis an íocaíochta Teaghlaigh Aontuismitheora, a bheith os cionn an uasráta is iníoctha ar an Sochar do Lucht Cuardaigh Fostaíochta i dtaca le dálaí teaghlaigh an chustaiméara.

Chun a thuilleadh eolais a fháil, logáil isteach ar **www.welfare.ie**.

13. An féidir glacadh le hobair nó le hoiliúint agus an Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora a fháil fós?

Féadfaidh tú glacadh le hobair agus fós cuid de d'Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora nó an Íocaíocht sin ar fad a choimeád. Cuirtear do thuilleamh ón bhfostaíocht san áireamh, áfach, nuair a mheasúnaítear d'acmhainn. Féach an sampla ar leathanach 8 chun a thuilleadh eolais a fháil.

Is féidir go gcáileoidh tú do scéimeanna fostaíochta nó oideachais fad is a chomhlíonfaidh tú coinníollacha áirithe.

Díbhinn Teaghlaigh um Fhilleadh ar Obair

Is féidir go gcáileoidh tú don Díbhinn Teaghlaigh um Fhilleadh ar Obair **in ionad** d'Íocaíochta Teaghlaigh Aontuismitheora má bhíonn tú i mbun fostaíochta nó má théann tú i mbun fostaíochta.

Maidir leis an gcéad bhliain (52 sheachtain), is é ráta na díbhinne is iníochta ná €29.80 i dtaca le gach leanbh atá cáilithe cheana, faoi réir ceathrar leanaí intofa ar a mhéad a bheith ann.

Is ionann é seo agus €29.80 in aghaidh an linbh cháilithe, faoi réir uasíocaíochta €119.20 sa tseachtain (4 x €29.80).

Laghdóidh sé seo go 50%, nó leath an mhéid sin, sa dara bliain.

Liúntas Fiontraíochta um Fhilleadh ar Obair

Má tá tú ag fáil na hÍocaíochta Teaghlaigh Aontuismitheora le 12 mhí anuas ar a laghad agus más mian leat a bheith féinfhostaithe, is féidir go gcáileoidh tú don Liúntas Fiontraíochta um Fhilleadh ar Obair.

Is ar scála laghdaitheach agus thar thréimhse dhá bhliain atá an liúntas iníochta, is é sin 100% d'Íocaíocht leasa shóisialaigh an duine sa chéad bhliain agus 75% sa dara bliain.

Ní bhaintear cáin ná ÁSPC as an Liúntas Fiontraíochta um Fhilleadh ar Obair. Féadfar cáin agus ÁSPC a ghearradh, áfach, ar d'ioncam ón bhfostaíocht nó ón bhféinfhostaíocht.

Féadfaidh tú aon sochar tánaisteach atá agat cheana a choimeád freisin, mar shampla, Liúntas Éadaí agus Coisbhirt um Fhilleadh ar Scoil, Forlíonadh Cíosa nó Forlíonadh Úis Mhorgáiste.

Chun a thuilleadh eolais a fháil, logáil isteach ar **www.welfare.ie**.

Coimeádfaidh tú do chárta leighis go ceann ré na scéime freisin. Chun a thuilleadh eolais a fháil, logáil isteach ar **www.hse.ie**.

Scéimeanna Fostaíochta Pobail

Ón 16 Eanáir 2012 ní bheidh rannpháirtithe nua ar na Scéimeanna Fostaíochta Leasa Phobail in ann íocaíocht leasa shóisialaigh eile, agus an Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora san áireamh, a éileamh ag an am céanna.

I gcás rannpháirtithe reatha ar Scéim Fostaíochta Pobail, scoirfead den chuid um leanbh cáilithe den íocaíocht sin ón 16 Eanáir 2012. Leanfar den mhéadú um leanbh cáilithe a íoc ar an Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora ar chuntar go leanfaidh tú de choinníollacha na híocaíochta a chomhlíonadh.

14. Cad í an tSeirbhís Bhuiséid don Líon Tí?

Is éard atá sa tSeirbhís Bhuiséid don Líon Tí ná seirbhís a chuireann An Post ar fáil saor in aisce do chustaiméirí a fhaigheann a n-íocaíocht trí Chárta Seirbhísí Sóisialacha. Tugann sí slí shaoráideach le híoc as billí tí. Trí dhochar díreach a úsáid, féadfar íocaíocht sheasta a dhéanamh le haon cheann díobh seo a leanas:

- údaráis áitiúla, i leith cíosa nó morgáiste,
- BSL agus Bord Gáis, agus
- Eircom, i leith táillí gutháin.

Chun a thuilleadh eolais a fháil, déan teagmháil le:
An Post - Saorfhón 1800 70 71 72.

15. Cathain agus conas a dhéantar iarratas?

Is cóir duit foirm **OFFP 1** a líonadh agus í a chur maille leis na teastais agus cáipéisí ábhartha chuig d'Oifig Leasa Shóisialaigh áitiúil.

Mura bhfuil tú pósta nó mura páirtí i bpáirtnéireacht shibhialta thú, is cóir duit iarratas a dhéanamh **laistigh de 3 mhí** ó bhreith do linbh.

Má tá tú **idirscartha nó colscartha nó má tá do pháirtnéireacht shibhialta díscailte**, is cóir duit iarratas a dhéanamh **laistigh de 6 mhí** ón dáta ar scar tú le do chéile nó do pháirtnéir sibhialta.

Ní mór duit a bheith idirscartha le trí mhí anuas, áfach, sula ndéanfaidh tú iarratas, mar ní bhfaighidh tú íocaíocht i leith an chéad trí mhí tar éis idirscartha.

Más **céile nó páirtnéir sibhialta príosúnaigh** thú, is ceadmhach duit iarratas a dhéanamh nuair atá do chéile nó do pháirtnéir sibhialta faoi choiméad le sé mhí anuas ar a laghad gan aon phianbhreith a bheith curtha air/uirthi, nó nuair a thosaíonn do chéile nó do pháirtnéir sibhialta a p(h)ianbhreith, agus ansin caithfidh tréimhse phríosúnachta de shé mhí ar a laghad a bheith i gceist.

Rabhadh: Mura ndéanann tú iarratas laistigh de thrí mhí ón uair a bhí tú intofa don Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora i dtosach, is féidir go gcaillfidh tú cuid den íocaíocht.

16. Cé atá ina ina ‘ghaol faoi dhliteanas’?

Tugtar ‘gaolta faoi dhliteanas’ ar fhir agus ar mhná a bhfuil dualgas orthu, de réir dlí, cothabháil a íoc le céile nó páirtneir sibhialta cleithiúnach agus le haon leanbh cleithiúnach nach gcónaíonn leo.

Más gaol faoi dhliteanas thú agus má theipeann ort dóthain cothabhála a íoc le do chéile nó do pháirtneir sibhialta nó do leanbh cleithiúnach/leanaí cleithiúnacha, ní mór duit ranníocaíocht a dhéanamh as costas na hÍocaíochta Teaghlaigh Aontuismitheora, a íoctar le do theaghlach.

Déanfaidh an tAonad Aisghabhála Cothabhála teagmháil leis an ngaol faoi dhliteanas mura mbíonn dóthain cothabhála íochta aige/aici, nuair a dheonaítear an Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora.

Cuir glao, le do thoil, ar an Aonad Aisghabhála Cothabhála ag (071) 96 72599 chun a thuilleadh eolais a fháil.

17. Cén áit ar féidir a thuilleadh eolais a fháil?

Chun a thuilleadh eolais ar an Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora a fháil, déan teagmháil le d’Oifig Leasa Shóisialaigh áitiúil.

Chun leabhráin eolais, foirmeacha iarratais agus a thuilleadh eolais ar sheirbhísí leasa shóisialaigh a fháil:

- Logáil isteach ar **www.welfare.ie**.
- Guthán: (071) 919 3302
Íosghlao: 1890 66 22 44

Má tá tú ag glaoch ó lasmuigh de Phoblacht na hÉireann, glaoigh ar + 353 71 91 93302, le do thoil.

- Buail isteach chuig d’Ionad Faisnéise áitiúil do Shaoránaigh, do Lárionad Intreo áitiúil nó d’Oifig Leasa Shóisialaigh áitiúil.

Tabhair faoi deara, le do thoil, go bhféadfadh soláthraithe seirbhíse éagsúla rátaí éagsúla a ghearradh as úsáid uimhreacha 1890 (íosghlao).

Leabhráin áisiúla eile

Clár um Fhilleadh ar Oideachas	SW 70
Liúntas Éadaí agus Coisbhirt um Fhilleadh ar Scoil	SW 75
Liúntas Fiontraíochta um Fhilleadh ar Obair	SW 92
Liúntas Cúramóra	SW 41
Forlíonadh Ioncaim Teaghlaigh	SW 22
Coinníoll Gnáthchónaithe	SW 108
Scéim Náisiúnta Bhreosla	SW 17
Rátaí Íocaíochta	SW 19
Pinsean Baintrí, Baintrí Fir nó Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh (Neamh-Ranníocach)	SW 26